RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2289 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Lúnasa 2022

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 a mhéid a bhaineann le díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascaigh áirithe sa Mhuir Thuaidh le haghaidh 2023

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, Rialachán lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 11 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 ón gCoimisiún ([2]), soláthraítear mionsonraí maidir leis an gcaoi leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme i gcás iascaigh áirithe sa Mhuir Thuaidh le haghaidh na tréimhse 2021-2023.

(2) De bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014, beidh feidhm ag díolúintí áirithe ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír go dtí an 31 Nollaig 2022. Sna cásanna sin, na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu, bhí siad le fianaise eolaíoch bhreise a thacaíonn leis an díolúine a chur isteach a luaithe ab fhéidir agus tráth nach déanaí ná an 1 Bealtaine 2022. Déanfaidh an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach ("STECF") an fhianaise a thíolacfar a mheasúnú faoin 31 Iúil 2022.

(3) Chuir an Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an tSualainn ("Grúpa Scheveningen") moladh comhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin an 2 Bealtaine 2022, tar éis dul i gcomhairle le Comhairle Chomhairleach na Mara Thuaidh ("NSAC") agus leis an gComhairle Chomhairleach Pheiligeach ("PELAC").

(4) Rinne STECF athbhreithniú ([3]) ar an moladh comhpháirteach idir an 16 agus an 20 Bealtaine 2022. Chuir an Coimisiún an dréachtghníomh tarmligthe faoi bhráid an Ghrúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú ina raibh ionadaithe ó na Ballstáit an 20 Iúil 2022 ag cruinniú ar a raibh Parlaimint na hEorpa i láthair mar bhreathnóir.

(5) Le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014, deonaítear díolúine inmharthanachta go dtí an 31 Nollaig 2022 le haghaidh turbaird (*Scophthalmus maximus*) a ghabhtar le tráil bhíoma (TBB) a bhfuil soc-fhoirceann atá cothrom le 80 mm nó níos mó ná sin acu in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 den Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara ("ICES").

(6) Iarradh leis an moladh comhpháirteach síneadh a chur leis an díolúine sin go dtí an 31 Nollaig 2023.

(7) Thug STECF dá aire go léirítear treocht laghdaitheach le blianta beaga anuas leis na gabhálacha agus leis an ábhar muirí aischurtha araon. D'aithin STECF go léirítear le comhairle ICES go bhfuil bail mhaith ar an stoc turbard sa Mhuir Thuaidh agus go mbeadh tionchar na díolúine go dtí an 31 Nollaig 2023 teoranta, i bhfianaise leibhéal íseal na n-ábhar muirí aischurtha agus ag glacadh leis go mbeadh rátaí marthanais sa raon 38-75 %. Ina theannta sin, bhreathnaigh STECF seoladh tionscadail taighde maidir le hinmharthanacht turbard, a meastar go mbeidh a réamhthorthaí in 2023 ábhartha don díolúine sin.

([1]) Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, Rialachán lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 676/2007 agus (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018, lch. 1).

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 ón gCoimisiún an 21 Lúnasa 2020 lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascaigh áirithe sa Mhuir Thuaidh le haghaidh na tréimhse 2021-2023 (IO L 415, 10.12.2020, lch. 10).

([3]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/26710926/STECF+22-05+-+Eval+JRs+Lo+and+TM.pdf/68ecb905-d160-41d8-b784-70ec5ce74c15

(8) Ar na cúiseanna a thug STECF, lena n-aontaíonn an Coimisiún, ba cheart, dá bhrí sin, an díolúine a dheonú go dtí an 31 Nollaig 2023, rud a fhágfaidh go mbeidh dóthain ama ann freisin chun an tionscadal taighde leanúnach a thabhairt chun críche arb é is aidhm dó feabhas a chur ar an bhfaisnéis faoi ábhar muirí aischurtha agus inmharthanacht turbard. Iarrtar ar na Ballstáit torthaí an tionscadail sin a chur isteach lena measúnú ag STECF tráth nach déanaí ná an 1 Bealtaine 2023.

(9) Le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014, deonaítear díolúine inmharthanachta go dtí an 31 Nollaig 2022 le haghaidh ronnaigh agus scadáin a ghabhtar le peaslíonta saighne faoi choinníollacha áirithe a bhaineann le trealamh an tsoithigh agus le fearas a bhfuil córas leictreonach taifeadta agus doiciméadaithe ann, le feistiú an fhearais, agus le scaoileadh na ngabhálacha i ranna 2a agus 3a agus folimistéar 4 ICES.

(10) Iarradh leis an moladh comhpháirteach síneadh a chur leis an díolúine sin go dtí an 31 Nollaig 2023.

(11) Thug STECF dá aire, in éagmais faisnéis tacaíochta nua, go bhfuil na meastacháin mharthanais de 70 % i gcás ronnach agus scadán a tuairiscíodh in PLEN 14-02 de chuid STECF fós bailí. D'aithin STECF freisin a ábhartha atá comhleanúnachas ama i leathnú díolúintí comhchosúla idir Uiscí comharsanacha an Iarthuaiscirt agus an Mhuir Thuaidh. Chuir STECF i dtábhacht freisin gur cheart deonú na díolúine go dtí an 31 Nollaig 2023 a bheith faoi réir tuilleadh meastóireachta mar chuid den athbhreithniú níos leithne ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír atá beartaithe do 2023, chun a mheasúnú an bhfuil na meastacháin mharthanais fós bailí, chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na díolúine ar na stoic agus ar an úsáid a bhaineann na cabhlaigh lena mbaineann aisti.

(12) Ar na cúiseanna a thug STECF, lena n-aontaíonn an Coimisiún, ba cheart, dá bhrí sin, an díolúine a dheonú go dtí an 31 Nollaig 2023, rud a áiritheoidh freisin ailíniú agus comhsheasmhacht idir an Mhuir Thuaidh agus Uiscí an Iarthuaiscirt. Iarrtar ar na Ballstáit sonraí breise a chur isteach maidir le hinmharthanacht ronnach agus scadán lena measúnú ag STECF tráth nach déanaí ná an 1 Bealtaine 2023, chun tacú leis an meastóireacht ar an díolúine sin san athbhreithniú a dhéanfar in 2023 ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír.

(13) Le hAirteagal 11(10) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014, deonaítear díolúine *de minimis* go dtí an 31 Nollaig 2022 maidir le cainníocht faoitíní atá faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe a ghabhtar in iascach grinnill measctha le tráil ghrinnill nó saighní (OTB, OTT, SDN, SSC) ag a bhfuil mogallmhéid 70-99 mm (TR2) in uiscí an Aontais i ranna 4a agus 4b ICES.

(14) Iarradh leis an moladh comhpháirteach síneadh a chur leis an díolúine sin go dtí an 31 Nollaig 2023.

(15) Cé go dtagraíonn na sonraí a soláthraíodh do limistéar i bhfad níos leithne ná limistéar ranna 4a agus 4b ICES, thug STECF dá aire gur cosúil nach gcumhdaítear leis an díolúine ach cuid de na gabhálacha de thaisme agus, dá bhrí sin, ba cheart feabhas a chur ar an roghnaíocht a bheith mar thosaíocht i gcónaí. Maidir leis na staidéir leanúnacha ar iompraíocht éisc mar fhreagairt ar sholas arna ndéanamh ag Ballstáit éagsúla in iascaigh éagsúla, d'aithin STECF freisin go gcruthaítear deiseanna nua leo do thrialacha roghnaíochta chun gabhálacha de thaisme a laghdú agus chun tuilleadh oibre a spreagadh sa réimse taighde sin, ar cheart a dtorthaí a chur i dtoll a chéile chun na hiascaigh a shainaithint ina bhféadfaí an teicneolaíocht sin a úsáid ar an mbealach is fearr.

(16) Ar na cúiseanna a thug STECF, lena n-aontaíonn an Coimisiún, ba cheart, dá bhrí sin, an díolúine a dheonú go dtí an 31 Nollaig 2023, rud a fhágfaidh go mbeidh dóthain ama ann freisin chun na staidéir leanúnacha maidir le hiompraíocht éisc mar fhreagairt ar sholas a thabhairt chun críche. Iarrtar ar na Ballstáit torthaí na staidéar sin a chur isteach lena measúnú ag STECF tráth nach déanaí ná an 1 Bealtaine 2023.

(17) Le hAirteagal 11(12) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014, deonaítear díolúine *de minimis* go dtí an 31 Nollaig 2022 maidir le comhchainníocht ronnach, bolmán, scadán agus faoitíní arna ngabháil in iascaigh pheiligeacha ag trálaeir pheiligeacha suas le 25 mhéadar ar fad ar an iomlán, a úsáideann tráil mheánuisce (OTM/PTM), agus atá dírithe ar iascaireacht ronnach, bolmán agus scadán i ranna 4b agus 4c ICES ó dheas ó 54 chéim ó thuaidh.

(18) Iarradh leis an moladh comhpháirteach síneadh a chur leis an díolúine sin go dtí an 31 Nollaig 2023.

(19) D'aithin STECF go mbeadh sé deacair an roghnaíocht a fheabhsú a thuilleadh agus go mbeadh costais arda ag gabháil le gabhálacha a shórtáil mar gheall ar chineál na speiceas agus na n-iascach lena mbaineann. Thug STECF dá aire freisin an athraitheacht idirbhliantúil i gcomhdhéanamh gabhála agus i leibhéil an ábhair mhuirí aischurtha agus tharraing sé aird ar an deacracht a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar ábhar muirí aischurtha faoin díolúine sin, ós rud é gur féidir le soithí trealaimh éagsúla a úsáid le linn an turais iascaireachta chéanna.

(20) Ar na cúiseanna a thug STECF, lena n-aontaíonn an Coimisiún, ba cheart, dá bhrí sin, an díolúine a dheonú go dtí an 31 Nollaig 2023, rud a fhágfaidh go mbeidh dóthain ama ann freisin chun feabhas a chur ar an bhfaireachán agus chun faisnéis bhreise a bhailiú faoi ghabhálacha agus faoi ábhar muirí aischurtha a dhealaítear le haghaidh gach cineál trealaimh arna úsáid ag an gcabhlach sin. Iarrtar ar na Ballstáit an fhaisnéis bhreise sin a chur isteach lena measúnú ag STECF tráth nach déanaí ná an 1 Bealtaine 2023.

(21) Le hAirteagal 11(13) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014, deonaítear díolúine *de minimis* go dtí an 31 Nollaig 2022 maidir le comhchainníocht salán, corr ghainimh, trosc Ioruach agus faoitíní gorma a ghabhtar san iascach grinnill measctha le tráil (OTB, OTM, OTT, PTB, PTM, SDN, SPR, SSC, TB, TBN) ag a bhfuil mogallmhéideanna os cionn 80 mm acu i roinn 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES agus san iascach le haghaidh séaclaí Artacha a úsáideann trealaimh le greille shórtála a bhfuil spás 19 mm ar a mhéad idir a barraí nó gaireas roghnaíochta coibhéiseach agus gléas coinneála éisc a bhfuil mogallmhéideanna os cionn 35 mm aige i roinn 3a ICES agus 32 mm i bhfolimistéar 4 ICES.

(22) Iarradh leis an moladh comhpháirteach síneadh a chur leis an díolúine sin go dtí an 31 Nollaig 2023.

(23) Thug STECF dá aire go bhfuil foghabhálacha na speiceas tionsclaíoch sin an-íseal sna hiascaigh ghrinnill le haghaidh speicis a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine. D'aithin STECF freisin an deacracht a bhaineann le tuilleadh feabhais a chur ar roghnaíocht sna hiascaigh sin.

(24) Ar na cúiseanna a thug STECF, lena n-aontaíonn an Coimisiún, ba cheart, dá bhrí sin, an díolúine a dheonú go dtí an 31 Nollaig 2023.

(25) Le hAirteagal 11(14) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014, deonaítear díolúine *de minimis* go dtí an 31 Nollaig 2022 maidir le cainníocht langaí (*Molva molva*) atá faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe a ghabhtar san iascach grinnill le haghaidh colmóirí agus úsáid á baint as spiléir (LLS) i bhfolimistéar 4 ICES.

(26) Iarradh leis an moladh comhpháirteach síneadh a chur leis an díolúine sin go dtí an 31 Nollaig 2023.

(27) Thug STECF dá aire go dtuairiscítear leis an bhfaisnéis a soláthraíodh gur íseal an t-ábhar muirí aischurtha maidir le langaí san iascach spiléir, rud a léiríonn gur beag an tionchar a bhíonn aige ar an stoc. D'aithin STECF freisin go bhfuil na deacrachtaí i ndáil le roghnaíocht a fheabhsú a thuilleadh inchreidte i bhfianaise chineál an iascaigh agus an ábhair mhuirí aischurtha atá measartha íseal a chumhdaítear leis an díolúine.

(28) Ar na cúiseanna a thug STECF, lena n-aontaíonn an Coimisiún, ba cheart, dá bhrí sin, an díolúine a dheonú go dtí an 31 Nollaig 2023.

(29) Le hAirteagal 11(15) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014, deonaítear díolúine *de minimis* go dtí an 31 Nollaig 2022 maidir le cainníocht bolmán (*Trachurus* spp.) a ghabhtar san iascach grinnill measctha le tráil ghrinnill (OTB, OTT, PTB) ag a bhfuil mogallmhéid idir 80 agus 99 mm (TR2) i ranna 4b agus 4c ICES.

(30) Iarradh leis an moladh comhpháirteach síneadh a chur leis an díolúine sin go dtí an 31 Nollaig 2023.

(31) Thug STECF dá aire go bhfuil aischur sna hiascaigh sin ard agus gur léir nach gcumhdaítear leis an díolúine sin ach cuid de na gabhálacha de thaisme agus, dá bhrí sin, ba cheart leanúint de thús áite a thabhairt don roghnaíocht a fheabhsú a thuilleadh. D'aithin STECF freisin go bhfuil na costais mheasta a bhaineann le gabhálacha bolmán de thaisme a thabhairt i dtír suntasach, cé go bhfuil siad bunaithe ar ábhar muirí aischurtha ar an meán le linn na tréimhse 2013-2016.

(32) Ar na cúiseanna a thug STECF, lena n-aontaíonn an Coimisiún, ba cheart, dá bhrí sin, an díolúine a dheonú go dtí an 31 Nollaig 2023, rud a fhágfaidh go mbeidh dóthain ama ann freisin chun tuilleadh feabhsuithe i roghnaíocht trealaimh a thástáil agus measúnú a dhéanamh ar a gcur chun feidhme ag na cabhlaigh a bhfuil baint acu leis an iascach measctha sin. Iarrtar ar na Ballstáit trialacha roghnaíochta nua a dhéanamh agus faisnéis bhreise ábhartha agus nuashonraithe a chur isteach lena measúnú ag STECF tráth nach déanaí ná an 1 Bealtaine 2023, chun tacú leis an meastóireacht ar an díolúine sin san athbhreithniú a dhéanfar in 2023 ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír.

(33) Le hAirteagal 11(16) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014, deonaítear díolúine *de minimis* go dtí an 31 Nollaig 2022 maidir le cainníocht ronnach (*Scomber scombrus*) a ghabhtar in iascach grinnill measctha le tráil ghrinnill (OTB, OTT, PTB) ag a bhfuil mogallmhéid idir 80 agus 99 mm (TR2) i ranna 4b agus 4c ICES.

(34) Iarradh leis an moladh comhpháirteach síneadh a chur leis an díolúine sin go dtí an 31 Nollaig 2023.

(35) Thug STECF dá aire go bhfuil aischur sna hiascaigh sin ard agus, dá bhrí sin, gur cheart leanúint de thús áite a thabhairt don roghnaíocht a fheabhsú a thuilleadh. Mar sin féin, d'aithin STECF freisin an deacracht a bhaineann le roghnaíocht a fheabhsú gan caillteanais shuntasacha tráchtála a chruthú do shoithí a oibríonn in iascach measctha den sórt sin.

(36) Ar na cúiseanna a thug STECF, lena n-aontaíonn an Coimisiún, ba cheart, dá bhrí sin, an díolúine a dheonú go dtí an 31 Nollaig 2023, rud a fhágfaidh go mbeidh dóthain ama ann freisin chun tuilleadh feabhsuithe i roghnaíocht trealaimh a thástáil agus measúnú a dhéanamh ar a gcur chun feidhme ag na cabhlaigh a bhfuil baint acu leis an iascach measctha sin. Iarrtar ar na Ballstáit trialacha roghnaíochta nua a dhéanamh agus faisnéis bhreise ábhartha agus nuashonraithe a chur isteach lena measúnú ag STECF tráth nach déanaí ná an 1 Bealtaine 2023, chun tacú leis an meastóireacht ar an díolúine sin san athbhreithniú a dhéanfar in 2023 ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír.

(37) Le hAirteagal 11(17) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014, deonaítear díolúine *de minimis* go dtí an 31 Nollaig 2022 maidir le cainníocht faoitíní gorma (*Micromesistius poutassou*) a ghabhtar san iascach ina bhfuil trálaer peiligeach tionsclaíoch atá dírithe ar an speiceas sin i bhfolimistéar 4 ICES, agus a phróiseálann ar bord é chun bonn suiréime a dhéanamh.

(38) Iarradh leis an moladh comhpháirteach síneadh a chur leis an díolúine sin go dtí an 31 Nollaig 2023.

(39) Thug STECF dá aire go bhfuil gabhálacha faoitíní gorma de thaisme san iascach peiligeach tionsclaíoch measartha beag agus nach mbeidh tionchar acu ar an stoc foriomlán. D'aithin STECF freisin go bhféadfadh mortlaíocht neamhchuntasaithe a bheith mar thoradh ar fheabhas breise a chur ar an roghnaíocht mar gheall ar an ráta marthanais íseal is dócha a bhainfeadh le héalú na bhfaoitíní gorma. Ina theannta sin, thug STECF dá aire na costais a bhaineann le gabhálacha de thaisme a láimhseáil ar bord.

(40) Ar na cúiseanna a thug STECF, lena n-aontaíonn an Coimisiún, ba cheart, dá bhrí sin, an díolúine a dheonú go dtí an 31 Nollaig 2023.

(41) Iarradh leis an moladh díolúine nua *de minimis* le haghaidh cainníocht séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*) a ghabhtar san iascach grinnill le tráil (OTB, OTM, OTT, PTB, PTM, SDN, SPR, SSC, TB, TBN) ag a bhfuil mogallmhéid is mó ná 70 mm i roinn 3a ICES atá feistithe le greille shórtála a bhfuil spás 35 mm ar a mhéad idir a barraí nó gaireas roghnaíochta coibhéiseach, agus os cionn 80 mm i bhfolimistéar 4 ICES.

(42) I bhfianaise na rátaí agus na méideanna ísle maidir le hábhar muirí aischurtha, thug STECF dá aire gur dócha gur beag tionchar a bheidh ag an díolúine i gcomhthéacs foriomlán an iascaigh. Ina theannta sin, d'aithin STECF go bhfuil sé deacair sa chleachtas tuilleadh feabhais a bhaint amach ar roghnaíocht chun foghabháil bheag den sórt sin a laghdú.

(43) Ar na cúiseanna a thug STECF, lena n-aontaíonn an Coimisiún, ba cheart, dá bhrí sin, an díolúine a dheonú go dtí an 31 Nollaig 2023, dáta éaga an phlean maidir le hábhar muirí aischurtha.

(44) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta maidir le soithí an Aontais agus ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leo, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe. Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2014 mar a leanas:

(1) scriostar Airteagail 8(2) agus 10(6);

(2) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (10):

"(10) sna hiascaigh mheasctha ghrinnill ag soithí a úsáideann tráil ghrinnill nó saighní (OTB, OTT, SDN, SSC) ag a bhfuil mogallmhéid 70-99 mm (TR2) in uiscí an Aontais i ranna 4a agus 4b ICES:

cainníocht faoitíní faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe, íosmhéid nach mó ná 4 % de na gabhálacha bliantúla iomlána faoitíní;";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (12):

"(12) in iascaigh pheiligeacha arna ndéanamh ag trálaeir pheiligeacha suas le 25 mhéadar ar fad san iomlán, ina n-úsáidtear tráil mheánuisce (OTM/PTM), agus atá dírithe ar iascaireacht ronnach, bolmán agus scadán i ranna 4b agus 4c ICES ó dheas ó 54 chéim ó thuaidh;

comhchainníocht ronnach, bolmán, scadán agus faoitíní nach rachaidh thar 1 % de na gabhálacha bliantúla iomlána ronnach, bolmán, scadán agus faoitíní;";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (13):

"(13) san iascach grinnill measctha le tráil (OTB, OTM, OTT, PTB, PTM, SDN, SPR, SSC, TB, TBN) ag a bhfuil mogallmhéideanna os cionn 80 mm acu i roinn 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES agus san iascach le haghaidh séaclaí Artacha a dhéantar trí threalaimh a úsáid ag a bhfuil greille shórtála a bhfuil spás 19 mm ar a mhéad idir a barraí nó gaireas roghnaíochta coibhéiseach agus gléas coinneála éisc a bhfuil mogallmhéideanna os cionn 35 mm aige i roinn 3a ICES agus 32 mm i bhfolimistéar 4 ICES:

comhchainníocht salán, corr ghainimh, trosc Ioruach agus faoitíní gorma, nach rachaidh thar 1 % de na gabhálacha bliantúla a dhéantar in iascach grinnill measctha agus san iascach le haghaidh séaclaí Artacha;";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (14):

"(14) san iascach grinnill le haghaidh colmóirí ag soithí a úsáideann spiléir (LLS) i bhfolimistéar 4 ICES:

cainníocht langaí (*Molva molva*) faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe, íosmhéid nach mó ná 3 % de na gabhálacha bliantúla iomlána langaí a dhéantar san iascach grinnill sin;";

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (15):

"(15) san iascach grinnill measctha le tráil ghrinnill (OTB, OTT, PTB) ag a bhfuil mogallmhéid idir 80 agus 99 mm (TR2) i ranna 4b agus 4c ICES:

cainníocht bolmán (*Trachurus* spp.) nach mó ná 6 % in 2021 agus 2022 agus 5 % in 2023 de na gabhálacha bliantúla iomlána bolmán san iascach sin;";

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (16):

"(16) san iascach grinnill measctha le tráil ghrinnill (OTB, OTT, PTB) ag a bhfuil mogallmhéid idir 80 agus 99 mm (TR2) i ranna 4b agus 4c ICES:

cainníocht ronnach (*Scomber scombrus*) nach mó ná 6 % in 2021 agus 2022 agus 5 % in 2023 de ghabhálacha bliantúla iomlána ronnach san iascach sin;";

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (17):

"(17) san iascach ina bhfuil trálaer peiligeach tionsclaíoch atá dírithe ar an bhfaoitín gorm i bhfolimistéar 4 ICES agus próiseáil a dhéanamh ar an speiceas sin ar bord chun bonn suiréime a dhéanamh:

cainníocht faoitíní gorma (*Micromesistius poutassou*) nach mó ná 5 % de na gabhálacha bliantúla iomlána faoitíní;";

(h) cuirtear isteach an pointe (18) seo a leanas:

"(18) san iascach grinnill le tráil (OTB, OTM, OTT, PTB, PTM, SDN, SPR, SSC, TB, TBN) ag a bhfuil mogallmhéid is mó ná 70 mm i roinn 3a ICES atá feistithe le greille shórtála a bhfuil spás 35 mm ar a mhéad idir a barraí nó gaireas roghnaíochta coibhéiseach, agus os cionn 80 mm i bhfolimistéar 4 ICES:

cainníocht séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*) nach mó ná 0,01 % de na gabhálacha bliantúla iomlána a dhéantar san iascach sin.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN